SOCRUITHE MAIDIR LE PÁTRÚNACHT I dTACA LE BUNÚ IAR-BHUNSCOILEANNA NUA ATÁ LE hOSCAILT I MÍ MHEÁN FÓMHAIR 2017 & I MÍ MHEÁN FÓMHAIR 2018.

AN GÁ ATÁ LE SCOIL NUA

Tá feidhm ag na cúinsí bunriachtanacha seo a leanas maidir le bunú agus ceadú iar-bhunscoile nua chun freastal ar riachtanas déimeagrafach:

- Ní mór go dtacódh déimeagrafaic an cheantair le bunú scoile nua - ní bheadh tionchar diúltach ag scoil nua ar an rollú i scoileanna sa scoilcheantar, seachas b'fhéidir bunú Scoil Lán-Ghaeilge agus an tionchar a bheadh aige sin ar Aonad atá ann cheana féin.

- Má éilíonn an déimeagrafaic go mbunófaí scoil, is ceart ansin go gceadódh an próiseas do roghnú an chineál scoile go ndéanfaí pátrúin/comhlachtaí éagsúla a bhreithniú mar phátrún scoile nua.

AN PRÓISEAS I gCOMHAIR SCOIL NUA

Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist sa phróiseas i gcomhair iar-bhunscoil nua:

- Suíomhanna scoileanna nua agus méideanna scoileanna nua á sainaithint ag an Roinn. Ní mór go mbeadh sé d'acmhainn ag formhór na scoileanna nua ag an dara leibhéal 800 - 1,000 scoláire a chur ar an rolla. D'fhéadfadh tairseach níos lú a bheith i gceist maidir le Gaelcholáistí agus Aonad a bhunú laistigh de scoil curtha san áireamh mar mhalairt.

- Iarratais i scríbhinn ó phátrúin ionchasacha a thugann aghaidh ar na critéir go léir.

- Breithniú na n-iarratas ag oifigigh na Roinne agus dréachtú na tuarascála lena breithniú ag an nGrúpa um Bunú Scoileanna Nua.

- Breithniú na tuarascála ag an nGrúpa agus formhuiniú ag an nGrúpa nó sainaithint riachtanais le tuilleadh anailíse ag an Roinn agus breithniú an Ghrúpa ina dhiaidh sin.

- Tuarascáil ón nGrúpa curtha faoi bhráid an Aire lena breithniú.

- Cinneadh an Aire.

NA CRITÉIR A CHUIRTEAR SAN ÁIREAMH SA PHRÓISEAS MEASÚNAITHE PÁTRÚNACHTA

Is é an príomhchritéar don chinneadh ar phátrúnacht i gceantar ina bhfuil scoil dara leibhéal amháin ar a laghad cheana féin ná an ceann seo a leanas:

- An é go mbeadh breis éagsúlachta agus iolrachta ar fáil i dtaca le pátrúnacht agus soláthar scoileanna ag an dara leibhéal sa cheantar mar thoradh ar an múnla scoile atá beartaithe (agus aird á tabhairt ar na ceantair in aice láimhe) áit a bhfuil éileamh ar éagsúlacht agus ar iolracht den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, measfar go bhfuil comhlachtaí pátrúnachta faoi leith ón ngrúpa creidimh céanna mar ionadaithe don chineál pátrúnachta scoile céanna chun iolracht a mheas.

Mar chuid den iniúchadh ar an gcritéar sin thabharfaí aird orthu seo a leanas:

- An é go bhfuil scoil leis an bpátrúnacht chéanna nó pátrúnacht cosúil léi sa scoilcheantar céanna (agus aird á tabhairt ar na ceantair in aice láimhe) agus an é go bhfuil éileamh breise ar a leithéid de phátrúnacht.
- A mhéad agus a bheadh breis éagsúlachta agus iolrachta ar fáil i dtaca le pátrúnacht sa cheantar mar thoradh ar bhunú na scoile (agus aird á tabhairt ar na ceantair in aice láimhe) áit a bhfuil éileamh ar éagsúlacht agus ar iolracht den sórt sin.
- Éifeachtúlacht na meicníochtaí atá pleanáilte lena chinntiú go méadóidh an scoil atá beartaithe go dtí an réimse méide a dhéanfadh freastal ar idir 800 agus 1,000 scoláire, lena n-áirítear
    - Bearta atá pleanáilte agus a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm mura dtarlaíonn an méadú chomh tapa agus a bhí beartaithe
    - Comhoibriú atá pleanáilte le scoileanna dara leibhéal eile atá sa scoilcheantar cheana féin.

Sa chás go bhfuil scoil nua amháin chun freastal a dhéanamh ar cheantar, is iad seo a leanas na critéir bhunúsacha a bheidh i gceist:

- An féidir leis an scoil freastal ar riachtanais agus ar éilimh na scoláirí ar fad sa cheantar.
- Agus aird á tabhairt ar cheantair in aice láimhe, an é go mbeadh breis éagsúlachta agus iolrachta ar fáil i dtaca le pátrúnacht agus soláthar scoileanna ag an dara leibhéal mar thoradh ar an múnla scoile atá beartaithe a bhunú, áit a bhfuil éileamh ar éagsúlacht agus ar iolracht den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, measfar go bhfuil comhlachtaí pátrúnachta faoi leith ón ngrúpa creidimh céanna mar ionadaithe don chineál pátrúnachta scoile céanna chun iolracht a mheas.

Mar chuid den iniúchadh ar na critéir sin thabharfaí aird orthu seo a leanas:

- An éifeachtúlacht a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an bpátrún riachtanais na scoláirí uile / grúpaí scoláirí a bhaineann le creideamh faoi leith; scoláirí nach bhfuil aon chreideamh acu
- A mhéad agus a dhéanfar na riachtanais sin a shásamh
- An éifeachtúlacht a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe curaclam atá cuimsitheach agus leathan a thairiscint le linn na céime tionscnaimh
- An éifeachtúlacht a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe curaclam atá cuimsitheach agus leathan a thairiscint nuair a bheidh an scoil imithe thar an gcéim tionscnaimh
- An éifeachtúlacht a bhaineann leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe curaclam atá cuimsitheach agus leathan a thairiscint do gach scoláire, e.g., tacú le himeascadh inscne i ngach ábhar
- Méid an éilimh atá ar na pátrúin atá ag déanamh an iarratais sa cheantar
- Agus aird á tabhairt ar cheantair in aice láimhe, an é go mbeadh breis éagsúlachta agus iolrachta ar fáil i dtaca le pátrúnacht agus soláthar scoileanna ag an dara

leibhéal mar thoradh ar an múnla scoile atá beartaithe a bhunú, áit a bhfuil éileamh ar éagsúlacht agus ar iolracht den sórt sin

Is ar bhonn comhoideachais a dhéanfar formhór an tsoláthair do scoileanna nua agus is ar an mbonn sin a dhéanfar cinntí i leith pátrúnachta. Beidh líon beag cásanna ina mbeidh gá soláthar aoninscne a dhéanamh má tá éagothroime shainaitheanta idir acmhainní scoileanna aoninscne. Déanfar aon sainaithint den sórt sin sula lorgófar iarratais ó phátrúin.

SAINROGHANNA NA dTUISMITHEOIRÍ

Iarrfar ar chomhlachtaí pátrúnachta a bhfuil scoileanna á moladh acu fianaise ar éileamh ó thuismitheoirí a chur ar fáil. Iarrfar ar phátrúin liostaí a chur le chéile de thuismitheoirí páistí a bheidh ag tosú ar a gcuid oideachais iar-bhunscoile sna blianta 2017, 2018, 2019, 2020, 2021 nó 2022 agus a léiríonn gur suim leo go gcuirfí oideachas ar a bpáistí ina scoil nua. Ba chóir go gcuimseodh na liostaí seo ainm an pháiste, dáta breithe, seoladh agus an bhliain a bhfuil sé beartaithe go dtosóidís ar scoil chomh maith le rogha maidir leis an meán teagaisc. Cuirfear teimpléad chun éileamh ó thuismitheoirí a chur isteach ar fáil chun na críche sin. Ní mór an t-eolas ar fad a chur i láthair san fhormáid sin amháin agus ní mór don iarratasóir é a dheimhniú.

GEALLTANAIS PHÁTRÚNACHTA

Ní mór do phátrúin scoile ionchasacha aontú go sonrach le gach aon cheann de na ceanglais seo a leanas a dheimhniú i scríbhinn:

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach feidhmiú de réir na rialacha agus na rialachán atá leagtha síos i gciorcláin agus i nósanna imeachta oibríochta éagsúla de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an curaclam atá leagtha síos a leanúint;

- Go bhfuil an pátrún ionchasach sásta an scoil a fheidhmiú laistigh de na paraiméadair maidir le soláthar acmhainní agus maidir le beartas atá bunaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach páistí a rollú sa cheantar/sna ceantair ina bhfuil gá le scoil sainaitheanta ag an Roinn

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach glacadh le háiseanna oideachais speisialta agus iad a oscailt;

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach an scoil a mhéadú/a fheidhmiú sa réimse méide idir 800 agus 1,000 scoláire;

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach Aonad a bhunú sa chás go mbeadh éileamh air (do scoil ina bhfuil an Béarla mar phríomh-mheán teagaisc)

- Go bhfuil an pátrún ionchasach toilteanach an comhaontú caighdeánach léasa a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi mar is cuí.

- Go bhfuil an patrún ionchasach toilteanach foirgnimh scoile a roinnt le scoileanna eile de réir mar a chinnfidh an Roinn sa chás nach mbíonn úsáid iomlán á baint as foirgneamh na scoile.

- Go bhfuil an pátrún ionchasach sásta a bheith mar chuid d'fhorbairt champais le bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna eile de réir mar a shainaithníonn an Roinn;

Tabhair do d'aire gurb é an toradh a bheidh ar neamhchomhlíonadh na ngealltanas pátrúnachta roimhe seo go measfar iarratas a bheith neamhbhailí agus ní dhéanfar a thuilleadh measúnaithe ar iarratais neamhbhailí mar chuid den phróiseas.

Ní mór d'iarratasóir nach bhfuil ina phátrún reatha cheana féin a chinntiú go gcuireann siad ceanglais áirithe i bhfeidhm sula ndéantar iarratas ar phátrúnacht faoin bpróiseas scoile nua. I dtaca leis seo, tugann an tAGUISÍN atá ceangailte leis seo breac-chuntas ar eolas ginearálta do phátrúin ionchasacha maidir leis na ceanglais atá le cur i bhfeidhm.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Aibreán 2016

AGUISÍN

Eolas ginearálta do phátrúin ionchasacha

FREAGRACHT NA PÁTRÚNACHTA

Tá freagrachtaí suntasacha ar phátrún scoile a bhaineann le pobal uile na scoile, lena n-áirítear múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus an mórphobal a ndéanann an scoil freastal air. Dá bhrí sin, is gá go mbeadh pátrún ionchasach scoile ábalta struchtúr, leanúnachas agus iontaofacht leordhóthanach a léiriú chun feidhmeanna freagracha pátrúin a reáchtáil:

FEIDHMEANNA NA PÁTRÚNACHTA

- Bord bainistíochta na scoile a cheapadh
- An bord bainistíochta a chur ar fionraí, más gá
- Freagracht maidir le spiorad sainiúil na scoile, a bhfuil an bord bainistíochta freagrach don phátrún ina leith
- Freagracht/dliteanas príomhúil i leith caidreamh tionsclaíoch
- Freagracht i leith réadmhaoin na scoile (agus árachas)
- Cúrsaí airgid - buiséid agus tuarascálacha bliantúla
- Cinntí maidir le stádas na scoile amhail méadú, cónascadh, dúnadh

STÁDAS AN CHOMHLACHTA PÁTRÚNACHTA

Ní mór go mbeadh pátrún ionchasach ábalta a léiriú go bhfuil ar a chumas freagrachtaí an phátrúin a reáchtáil ar bhealach leanúnach.

Mheasfaí gur ghá go ndéanfadh duine aonair nó grúpa, nach bhfuil ina chomhlacht reachtúil nó nár cruthaíodh seachas sin le bunreacht a dhéanann soláthar sásúil i gcomhair comharbais agus leanúnachais, comhlacht corpraithe a bhunú agus a leithéid de chomhlacht a bheith faoi theorainn ráthaíochta. Ba chóir go ndéanfadh an comhlacht pátrúnachta a fhealsúnacht oideachais agus a chuid cuspóirí oideachais a chur in iúl i meamram agus in airteagail chomhlachais, nó i gcáipéisí bunreachtúla eile. Ba chóir triúr a sholáthar mar stiúrthóirí/iontaobhaithe. Ba chóir an comhlacht pátrúnachta a chlárú i gcomhair stádas carthanachta leis an Údarás Rialála Carthanachtaí.

Ní bhronnann sásamh na gceanglas thuas as féin aon cheart a bheith mar phátrún ar scoil nua.

AN tACHT OIDEACHAIS, 1998

Déantar tagairt do ról an phátrúin scoile síos tríd an Acht Oideachais, 1998 agus ba chóir do phátrúin ionchasacha a chinntiú go bhfuil siad eolach ar gach gné den Acht, go háirithe Cuid 2 agus 4 den Acht, a bhaineann le scoileanna agus le boird bhainistíochta faoi seach.

http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1998/a5198.pdf

Séanadh:

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé i gceist gur léirmhíniú dlíthiúil ar an Acht Oideachais, 1998 a bheadh san eolas seo. Is mar eolas ginearálta amháin atá sé á thabhairt.